AN TSRAITH SHINSEARACH

# Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: **Guth an Tuismitheora a bhailiú**

## Téama le haghaidh an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach: **Smaoineamh faoin todhchaí – Cuspóir na Sraithe Sóisearaí**

### Cuspóir an Tuismitheora:

1. Fócasghrúpa oibre a éascú chun tuairimí tuismitheoirí ar na ceisteanna oibre a bhailiú
2. Tuairimí na dtuismitheoirí sin a chur i dtoll a chéile agus iad a sheoladh chuig an Teagmhálaí Scoile.

### Fócasghrúpa Oibre Tuismitheoirí a bhailiú i do Scoil.

Mar a chualamar ón gceardlann, i mBaile Átha Luain, is athbhreithniú scoilbhunaithe é seo agus is í an scoil an mol ag croílár an phróisis. Toisc gur páirtithe leasmhara iad na tuismitheoirí i bpobal na scoile, tá guth an tuismitheora le cur san áireamh ag céim luath den athbhreithniú.

**Ról:** Is é do rólsa guth na dtuismitheoirí i do scoil a bhailiú agus a chur i dtoll a chéile. Beidh duine de lucht bainistíochta na scoile, a bhuail leat cheana, in ann tacú leat chun a chinntiú go bhfuil an scoil ar fáil duit nuair a iarrann tú é, ach cuimhnigh freisin go mbíonn scoileanna gnóthach i gcónaí mar sin teastóidh roinnt comhoibrithe chun dáta agus am a shocrú. Seoladh litir ó Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, Bunscolaíocht chuig do scoil agus chuig Cumann na dTuismitheoirí i do scoil chun an t-athbhreithniú a chur chun cinn agus tuismitheoirí a spreagadh le súil a choinneáil amach do chuireadh chuig an bhfócasghrúpa agus páirt a ghlacadh ann chun a gcuid tuairimí a chur in iúl.

Bhí Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí i dteagmháil freisin le do chomh-chomhlacht chun iad a chur ar an eolas go bhfuil tú páirteach san athbhreithniú agus chun a dtacaíocht a spreagadh. Tá naisc **ar leathanach gréasáin CNCM** le hábhar taighde agus tacaíochta don athbhreithniú.

AN TSRAITH SHINSEARACH

## Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: **Guth an Tuismitheora a bhailiú**

### Teagmháil le Tuismitheoirí:

Is é an chéad chéim ná an grúpa tuismitheoirí a thabhairt le chéile; tá a fhios agam ó mo chuid oibre féin le scoileanna go mbíonn sé sin an-deacair uaireanta. Céard a d'oibrigh duitse nó nár oibrigh roimhe seo?

- Cumarsáid: téacsanna, ríomhphoist, Facebook, Twitter, aip, suíomh gréasáin na scoile.
- Litir chuig na Tuismitheoirí leis an liosta leabhar.
- Cuireadh a thabhairt do Thuismitheoirí Ardteistiméireachta na bliana seo teacht ar ais do phlé an athbhreithnithe ar an tsraith shinsearach.
- Tionól na Scoile – na scoláirí a chur ar an eolas faoin mbaint a bheidh acusan agus ag a dtuismitheoirí san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach. Spreagann na scoláirí a dtuismitheoirí le bheith páirteach ann agus éisteann na tuismitheoirí lena scoláirí.

**Tabhair faoi deara:** Ils fiú an teachtaireacht a rá arís agus arís eile. Úsáid pé modh cumarsáide, athrá san áireamh, atá ar fáil duit i do scoilse.

Tá dhá thimthriall san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach. Tabharfar faoin gcéad timthriall i mí Mheán Fómhair 2018, agus beidh an dara timthriall ar bun ó mhí na Samhna go mí Eanáir 2019. Moltar dul i dteagmháil leis na Tuismitheoirí roimh laethanta saoire an tsamhraidh, más féidir, chun a chur in iúl dóibh go bhfuil an t-athbhreithniú ar an tsraith shinsearach ar bun agus go n-éistfear le Guth an Tuismitheora.

AN TSRAITH SHINSEARACH

# Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: **Guth an Tuismitheora a bhailiú**

## Timthriall 1: Meán Fómhair 2018

Beidh ort an cruinniú a reáchtáil i mí Mheán Fómhair chomh luath i ndiaidh laethanta saoire an tsamhraidh agus is féidir. I rith an chruinnithe fócasghrúpa sin, beidh ort tuairimí na dtuismitheoirí ar na ceisteanna taighde a thaifeadadh agus ansin tuairimí gach duine a cuireadh in iúl sa chruinniú fócasghrúpa a chur i dtoll a chéile. Tabharfar an t-aiseolas sin don Teagmhálaí Scoile i bhfoirm Ceistneora ionas gur féidir leis é a chur ar aghaidh chuig CNCM. Seolfaidh CNCM na ceistneoirí ar fad ón 40 scoil chuig an ESRI, a chuirfidh tuarascáil i dtoll a chéile a chuirfear i láthair ag an seimineár náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair.

## An Fócasghrúpa leis na Tuismitheoirí ó do Scoil a Éascú

**Daoine:**

- Éascaitheoir, a stiúrfaidh an seisiún
- Cláraitheoir, a ghlacfaidh nótaí de thuairimí na dTuismitheoirí ar smeach-chairt
- Amadóir? D'fhéadfaí an t-am ar fad a chaitheamh ar cheist nó dhó. I seisiún uair go leith, caithfear an t-am céanna ar gach ceist má chloítear le deich nóiméad in aghaidh na ceiste. Beidh deich nóiméad ag an tús agus ag an deireadh ann freisin.

**Suíocháin:**

Sula dtosaíonn an cruinniú, leag na cathaoireacha amach i leathchiorcal. Braithfidh na rannpháirtithe go bhfuil úinéireacht acu ar an bpróiseas agus gur cuid lárnach den phróiseas iad dá bharr.

AN TSRAITH SHINSEARACH

# Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: **Guth an Tuismitheora a bhailiú**

**Réamhrá:** a d'fhéadfá a úsáid...

*Go raibh maith agaibh as theacht anseo inniu [tráthnóna/anocht] chun bhur gcuid tuairimí ar oideachas na Sraithe Sinsearaí a phlé linn.*

*Aithníonn CNCM tuismitheoirí mar chomhpháirtithe leasmhara i bpobal na scoile, mar sin tá bhur nguth, i dteannta scoláirí agus múinteoirí, an-tábhachtach go deo san athbhreithniú seo.*

*Táimid ag iarraidh an méid atá le rá agaibh a chloisteáil i ndáiríre. Tuigimid go mbeadh dearcthaí difriúla ag daoine agus táimid ag iarraidh* ***gach*** *dearcadh a chloisteáil, mar sin iarraim oraibh meas a léiriú ar a bhfuil le rá ag daoine eile fiú má easaontaíonn sibh lena bhfuil i gceist. Táimid ag iarraidh go mbeidh sibh compordach ag cur bhur ndearcthaí in iúl, mar sin beidh rialacha Chatham i bhfeidhm anseo. Ciallaíonn sé sin nach luafar aon duine ar leith le dearcadh ar bith nuair atá na téamaí a thagann chun cinn á gcur i dtoll a chéile againn agus nuair atá tuairimí na dtuismitheoirí á dtuairisciú ag an seimineár náisiúnta.*

*Tá [ainm an chláraitheora] chun an méid a deir sibh a scríobh ar smeach-chairteacha mar nach mbeimid in ann cuimhneamh ar gach rud a deirtear anseo. Ná bíodh aon drogall oraibh a chur in iúl dó/di má cheapann sibh nár taifeadadh pointe i gceart.*

*Tá deich nóiméad le caitheamh ar gach ceist agus tá* [ainm an amadóra] *chun smacht a choinneáil ar chúrsaí ama.*

*Mar sin, chun tús a chur leis an seisiún, céard a cheapann sibh faoi bhur dtaithí féin nó taithí bhur bpáistí ar oideachas na sraithe sinsearaí?*

*[D'fhéadfadh go mbeadh tuairimí láidre ag daoine faoin athbhreithniú a theastaíonn uathu a chur in iúl agus tugann sé seo deis dóibh iad a chur díobh mar a dúramar ionas gur féidir leo díriú ar na ceisteanna taighde ansin]* (10 nóim)

AN TSRAITH SHINSEARACH

# Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach:
# **Guth an Tuismitheora a bhailiú**

**Leideanna cabhracha**

- An bhfuil aon cheist ag aon duine?
- An bhfuil dearcadh difriúil ag aon duine air seo?
- Tá sé sin spéisiúil, an féidir leat a mhíniú tuilleadh cén fáth a gcreideann tú é sin?
- An aontaíonn aon duine eile leis sin? Nó an bhfuil aon dearcadh eile ag aon duine?
- Fiafraigh ceisteanna breise chun tuairim dhoiléir a scagadh agus a shoiléiriú
- m.sh. Má luaitear duine 'dea-oilte' fiafraigh
- Céard go díreach atá i gceist agat le 'dea-oilte'?